



Uimhir 49 de 2012

**AN tACHT IOMPAIR (IASACHTAÍ CHÓRAS IOMPAIR
ÉIREANN AGUS FOCHUIDEACHTAÍ), 2012**

[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA NALT

Alt

1. Cumhachtaí an Bhoird chun iasachtaí a fháil.
 2. An chuideachta d'fháil iasachtaí.
 3. Aisghairm.
 4. Leasú ar Sceideal 2 a ghabhann leis an Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 2011.
 5. Gearrtheideal.
-

[Uimh. 49.] *An tAcht Iompair (Iasachtaí Chóras Iompair Éireann agus Fochuideachtaí),* [2012.]
2012.

NA HACHTANNA DÁ DTAGRÁITEAR

An tAcht um Fhorais Chreidmheasa (Cobhsúchán), 2010	2010, Uimh. 36
An tAcht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 2011	2011, Uimh. 10
An tAcht Iompair (Córas Iompair Éireann a Atheagrú), 1986	1986, Uimh. 31
An tAcht Iompair, 1950	1950, Uimh. 12
An tAcht Iompair, 1955	1955, Uimh. 25
An tAcht Iompair, 1983	1983, Uimh. 37
An tAcht Iompair, 1987	1987, Uimh. 27



Uimhir 49 de 2012

**AN tACHT IOMPAIR (IASACHTAÍ CHÓRAS IOMPAIR
ÉIREANN AGUS FOCHUIDEACHTAÍ), 2012**

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO LEASÚ FHORÁLACHA AN ACHTA IOMPAIR, 1950, AN ACHTA IOMPAIR (CÓRAS IOMPAIR ÉIREANN A ATHEAGRÚ), 1986 AGUS AN ACHTA IOMPAIR, 1987 A MHÉID A BHAINNEANN SIAD LE CUMHACHTAÍ CHÓRAS IOMPAIR ÉIREANN, IARNRÓD ÉIREANN — IRISH RAIL, BHUS ÉIREANN — IRISH BUS AGUS BHUS ÁTHA CLIATH — DUBLIN BUS CHUN IASACHTAÍ A FHÁIL, DO LEASÚ SCEIDEAL 2 A GHABHANN LEIS AN ACHT AIRÍ AGUS RÚNAITHE (LEASÚ), 2011 AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE COMHGHAOLMHARA.

[26 Nollaig 2012]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

1.—Leasaítear Cuid V den Acht Iompair, 1950 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 28 (arna leasú le halt 4 den Acht Iompair, 1983):

Cumhachtaí an Bhoird chun iasachtaí a fháil.

“28.—(1) Faoi réir fho-alt (2), féadfaidh an Bord, seachas chun críocha caiteachas caipitiúil, le toiliú an Aire agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (agus faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha a chinnfidh na hAirí sin) airgead a chruinniú nó a fháil ar iasacht (lena n-áirítear airgead in airgeadra seachas airgeadra an Stáit) chun freastal dá oibleagáidí agus chun a dhualgais a chomhlíonadh.

(2) Ní dhéanfaidh an Bord i gcás ar bith a chumhachtaí faoi fho-alt (1) a fheidhmiú ar shlí gur mó ná €300 milliún a fhéichiúnas iomlán aon tráth áirithe i leith airgid a chruinneofar nó a gheofar ar iasacht.

(3) Féadfaidh forálacha a bheith ar áireamh sna téarmaí ar a bhféadfaidh an Bord airgead a chruinniú nó a fháil ar iasacht faoi fho-alt (1)—

(a) chun an t-airgead go léir nó cuid den airgead a chruinneofar nó a gheofar ar iasacht agus aon oibleagáid airgeadais ghaolmhar, lena n-áirítear ús, a mhuirearú ar gach maoin, is cuma cén cineál, ar sócmhainní an Bhoird nó a fhochuideachtaí de thuras na huairé í, nó ar aon mhaoin áirithe, agus

A.1

[Uimh. 49.] *An tAcht Iompair (Iasachtaí Chóras Iompair Éireann agus Fochuideachtaí), 2012.* [2012.]

(b) chun tosaíocht na muirear sin eatarthu féin a bhunú,

agus, i gcás go mbaineann rialacháin faoi fho-alt (5) d'alt 67 den Acht um Fhorais Chreidmheasa (Cobhsúchán), 2010 leis an mBord nó le cuideachta (de réir bhrí an Achta Iompair (Córas Iompair Éireann a Atheagrú), 1986) de réir mar a bheidh, beidh forálacha ar áireamh sna téarmaí sin chun aon mhuirearú den sórt sin a chur faoi réir an Bord do chomhlíonadh an ailt sin, más chun críche an Bord do fhreastal dá oibleagáidí agus do chomhlíonadh a dhualgas ina leith féin nó i leith na cuideachta sin, de réir mar a bheidh, an t-airgead a chruinneofar nó a gheofar ar iasacht amhlaidh.

(4) Féadfaidh an Bord, le toiliú an Aire agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (agus faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha a chinnfidh na hAirí sin), airgead a chruinniú nó a fháil ar iasacht (lena n-áirítear airgead in airgeadra seachas airgeadra an Stáit) trí stoc a eisiúint chun gach críche nó aon chríche acu seo a leanas:

(a) airgead a sholáthar chun aon chostais a íoc a thabhfófar i ndáil le haon bhuanobair arb innhuirearaithe go cuí ar chaipiteal a costas;

(b) aon stoc iompair a fhuascailt;

(c) aon ghnóthas iompair eile a fháil;

(d) aon chríoch eile a bhfuil airgead caipitiúil infheidhme go cuí maidir léi.

(5) Ní mó méid iomlán an airgid a chruinneofar nó a gheofar ar iasacht faoi ailt (a) agus (d) d'fho-alt (4) (agus aon airgead a bheidh aisíoctha á chur i gcuntas) ná €16 mhilliún.

(6) Chun críocha an ailt seo, maidir le hairgead a chruinneofar nó a gheofar ar iasacht in airgeadra seachas airgeadra an Stáit, measfar gur coibhéis é in airgeadra an Stáit don airgead iarbhír a cruinníodh nó a fuarthas ar iasacht, agus an choibhéis sin á ríomh de réir an ráta iomlaoide don airgeadra sin agus d'airgeadra an Stáit an tráth a cruinníodh an t-airgead nó a fuarthas ar iasacht é.”

An chuideachta d'fháil iasachtaí.

2.—Cuirtear an t-alt seo a leanas in ionad alt 20 den Acht Iompair (Córas Iompair Éireann a Atheagrú), 1986:

“20.—(1) Féadfaidh an Bord airgead a thabhairt ar iasacht do chuideachta chun íoc as caiteachas a thabhoídh sí chun cibé críocha agus faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha is cuí leis an mBord.

(2) Féadfaidh cuideachta, le toiliú an Bhoird (agus faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha a chinnfidh an Bord) airgead a chruinniú nó a fháil ar iasacht (lena n-áirítear airgead in airgeadra seachas airgeadra an Stáit) chun freastal dá hoibleagáidí agus chun a dualgais a chomhlíonadh.

(3) Féadfaidh forálacha a bheith ar áireamh sna téarmaí ar a bhféadfaidh cuideachta airgead a chruinniú nó a fháil ar iasacht faoi alt (2)—

[2012.] *An tAcht Iompair (Iasachtaí Chóras Iompair Éireann agus Fochuideachtaí),* [Uimh. 49.]
2012.

A.2

(a) chun an t-airgead go léir nó cuid den airgead a chruinneofar nó a gheofar ar iasacht agus aon oibleagáid airgeadais ghaolmhar, lena n-áirítear ús, a mhuirearú ar gach maoin, is cuma cén cineál, ar sócmhainní na cuideachta de thuras na huairé í, nó ar aon mhaoin áirithe, agus

(b) chun tosaíocht na muirear sin eatarthu féin a bhunú,

agus, i gcás go mbaineann rialacháin faoi fho-alt (5) d'alt 67 den Acht um Fhorais Chreidmheasa (Cobhsúchán), 2010 leis an gcuideachta sin, beidh forálacha ar áireamh sna téarmaí sin chun aon mhuirearú den sórt sin a chur faoi réir an chuideachta do chomhlíonadh an ailt sin.

(4) Ní dhéanfaidh an Bord, ná cuideachta, a chumhachtaí nó a cumhachtaí faoi fho-alt (1) nó (2) faoi seach, a fheidhmiú ar shlí a fhágfaidh gur mó ná an méid a cheadaítear don Bhord faoi alt 28 d'Acht 1950 an t-airgead a chruinneoidh an Bord agus na cuideachtaí nó a gheobhaidh siad ar iasacht.

(5) Chun críocha an ailt seo, maidir le hairgead a chruinneofar nó a gheofar ar iasacht in airgeadra seachas airgeadra an Stáit, measfar gur coibhéis é in airgeadra an Stáit don airgead iarbhír a cruinníodh nó a fuarthas ar iasacht, agus an choibhéis sin á ríomh de réir an ráta iomlaoide don airgeadra sin agus d'airgeadra an Stáit an tráth a cruinníodh an t-airgead nó a fuarthas ar iasacht é.”.

3.—Aisghairtear an méid seo a leanas:

Aisghairm.

(a) ailt 30 agus 31 den Acht Iompair, 1950;

(b) alt 2 den Acht Iompair, 1955;

(c) alt 29 den Acht Iompair (Córas Iompair Éireann a Atheagrú), 1986;

(d) ailt 3 agus 4 den Acht Iompair, 1987.

4.—Leasaítear Cuid 1 de Sceideal 2 a ghabhann leis an Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 2011, i gcolún 3 den ítim a bhaineann leis an Acht Iompair, 1950, trí “Alt 29(5)” a chur in ionad “Ailt 28 agus 29(5)”.

Leasú ar Sceideal 2 a ghabhann leis an Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 2011.

5.—Féadfar an tAcht Iompair (Iasachtaí Chóras Iompair Éireann agus Fochuideachtaí), 2012 a ghairm den Acht seo.

Gearrtheideal.